# Forléargas ar an mBeartas maidir le Cosaint Sonraí san Oifig Luachála

Tá roinnt beartas curtha i bhfeidhm ag an Oifig Luachála (OL) chun sonraí pearsanta a cuid custaiméirí a choimirciú. Tá OL ar an eolas faoi cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Tá OL tiomanta i leith na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm i ndáil le cosaint sonraí pearsanta ár gcuid custaiméirí díreacha agus sonraí pearsanta ár gcuid geallsealbhóirí i gcoitinne. Is iad custaiméirí díreacha OL, go formhór, na páirtithe a thaisceann iarratais, a lorgaíonn seirbhísí ó OL nó a thugann faisnéis mar fhreagra ar iarrataí ó OL. I measc na gcustaiméirí díreacha sin áirítear íocóirí rátaí, údaráis áitiúla agus gníomhairí gairmiúla (amhail suirbhéirí, gníomhairí eastáit agus aturnaetha) a ghníomhaíonn thar ceann cliant agus, chomh maith leis sin, iarratasóirí a thaisceann iarratais thar a gceann féin.

I measc na ngeallsealbhóirí i gcoitinne áirítear daoine den phobal, ionadaithe poiblí agus Ranna Rialtais agus eagraíochtaí Stáit eile. De ghnáth, d'fhéadfadh sé go mbeadh na custaiméirí sin ag lorg faisnéise nó soiléiriú nó go mbeidís ag iarraidh cóipeanna de dhoiciméid iomchuí.

1. **Ceart maidir le Rochtain**

Faoin reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí, tá an ceart agat cóip de do chuid sonraí pearsanta féin a fháil.

2. **Cearta maidir le Ceartú agus Léirscriosadh do chuid Sonraí**

Faoin reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí, tá an ceart agat iarratas a dhéanamh i leith do chuid sonraí pearsanta a cheartú má tá siad míchruinn nó i leith do chuid sonraí pearsanta a léirscriosadh más rud é nach bhfuil cúis dhlisteanach againn chun iad a choimeád.

**3. Ceart maidir le hIniomparthacht**

Faoin reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí, tá an ceart agat do chuid sonraí a fháil uainn agus a chur faoi deara iad a aistriú chuig eagraíocht eile.

**4. Ceart maidir le Srianadh ar Phróiseáil**

Faoin reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Sonraí, tá an ceart agat agóid a dhéanamh i gcoinne do chuid sonraí a bheith á bpróiseáil againn in imthosca áirithe.

1 Meitheamh 2018

**5. Is ceart iarraidh i ndáil le 1 - 4 thuas a dhéanamh i scríbhinn agus í a sheoladh chuig:**

Cillian Byrnes
An tOifigeach Cosanta Sonraí
An Oifig Luachála
Bloc 2, Ionad *Irish Life*,
Sráid na Mainistreach Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1
D01 E9X0

Mar mhalairt air sin, is féidir leat an fiosrú a chur le ríomhphost chuig cillian.byrnes@valoff.ie. I ngach cás, ní mór cruthúnas leordhóthanach ar chéannacht a chur ar fáil in éineacht le d'iarratas (e.g. fótachóip de phas nó de cheadúnas tiomána agus seoladh) mar aon le faisnéis a chumasóidh dúinn aon sonraí pearsanta iomchuí a aimsiú. Tabhair do d'aire, le do thoil, go ndéileálfar le d'iarraidh laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfaightear í.

6. **Faisnéis Phearsanta a Bhailiú agus a Úsáid**

Bailíonn an Oifig Luachála faisnéis phearsanta trí fheidhmiú a feidhmeanna faoi reachtaíocht, go háirithe na hAchtanna Luachála 2001-2015. Baintear úsáid as an bhfaisnéis chun críocha den sórt sin.

Ní fhéadfaidh an Oifig Luachála faisnéis a bhailiú trí sheirbhísí ar líne a úsáid ach amháin le toiliú sainráite an úsáideora. Chun tuilleadh faisnéise faoin ábhar seo a fháil, féach ár mbeartas príobháideachais ar líne le do thoil.

7. **Sonraí a Chomhroinnt**

Maidir le comhroinnt sonraí, déantar foráil mar a leanas ina leith le hAlt 71 den Acht Luachála 2001, arna leasú:

*Déanfaidh duine iomchuí, tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisinéir Luachála, cibé faisnéis atá i seilbh nó faoi urláimh an duine iomchuí agus a éileoidh an Coimisinéir le réasún chun a chumasú don Choimisinéir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo a sholáthar don Choimisinéir.*

*Déanfaidh an Coimisinéir cibé faisnéis atá i seilbh nó faoi urláimh an Choimisinéara, de bhun an Achta seo, agus a éileoidh údarás rátála le réasún chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir aon achtacháin nó faoi aon achtachán, a sholáthar don údarás rátála.*

*Ciallaíonn duine iomchuí aon duine díobh seo a leanas:*

*(a) Údarás rátála;*

*(b) Coimisinéir na nOibreacha Poiblí in Éirinn;*

*(c) Cláraitheoir na gCuideachtaí;*

*(d) An tÚdarás Clárúcháin Maoine;*

*(e) An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine;*

*(f) Na Coimisinéirí Ioncaim;*

*(g) Aon duine eile atá forordaithe de thuras na huaire.*